# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/188 ÓN gCOIMISIÚN

**an 10 Feabhra 2022**

**lena n-údaraítear foirmeacha reoite, triomaithe agus púdair de *Acheta domesticus* a chur ar an margadh mar bhia núíosach faoi Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le bianna núíosacha, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 258/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1852/2001 ón gCoimisiún ([1]), agus go háirithe Airteagal 12 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is éard a fhoráiltear le Rialachán (AE) 2015/2283 nach bhféadfar ach bianna núíosacha atá údaraithe agus atá curtha ar liosta an Aontais a chur ar an margadh laistigh den Aontas.

(2) De bhun Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2015/2283, glacadh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún ([2]) lena mbunaítear liosta an Aontais de bhianna núíosacha údaraithe.

(3) An 28 Nollaig 2018, chuir an chuideachta Fair Insects B.V. ("an t-iarratasóir") iarratas faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 10(1) de Rialachán (AE) 2015/2283 chun foirmeacha reoite, triomaithe agus púdair de *Acheta domesticus* (criogar) a chur ar mhargadh an Aontais mar bhia núíosach. D'iarr an t-iarratasóir cead foirmeacha reoite, triomaithe agus púdair de *Acheta domesticus* a úsáid mar sneaiceanna, agus ina gcomhábhar bia i roinnt táirgí bia don phobal i gcoitinne.

(4) Ina theannta sin, rinne an t-iarratasóir iarraidh don Choimisiún ar chosaint sonraí dílseánaigh eolaíocha i gcás roinnt sonraí a cuireadh isteach mar thaca lena iarratas, eadhon, tuairisc mhionsonraithe ar an bpróiseas táirgthe ([3]); torthaí ó anailísí neas-chomhábhair ([4]); sonraí anailíseacha maidir le héilleáin ([5]); na torthaí ó na staidéir chobhsaíochta ([6]); na sonraí anailíseacha maidir leis na paraiméadair mhicribhitheolaíocha ([7]); faisnéis faoi dhíolacháin chuideachta an bhia núíosaigh ([8]); na torthaí ó thástáil intuaslagthachta an bhia núíosaigh maidir leis an staidéar géineatocsaineachta ([9]); na torthaí ó na staidéir ar dhíleáiteacht na bpróitéiní ([10]); agus an staidéar cíteatocsaineachta/an staidéar tocsaineachta ceallaí ([11]).

(5) I gcomhréir le hAirteagal 10(3) de Rialachán (AE) 2015/2283, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leis an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ("an tÚdarás") an 4 Meán Fómhair 2019, agus d'iarr sé air tuairim eolaíoch a thabhairt trí mheasúnú a dhéanamh maidir le *Acheta domesticus* reoite agus triomaithe mar bhia núíosach.

([1]) IO L 327, 11.12.2015, lch. 1.
([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún an 20 Nollaig 2017 lena mbunaítear liosta an Aontais de bhianna núíosacha i gcomhréir le Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bianna núíosacha (IO L 351, 30.12.2017, lch. 72).
([3]) Fair Insects B.V. 2017 agus 2019 (nár foilsíodh).
([4]) Fair Insects B.V. 2018 agus 2019 (nár foilsíodh).
([5]) Fair Insects B.V. 2018 agus 2019 (nár foilsíodh).
([6]) Fair Insects B.V. 2018 agus 2019 (nár foilsíodh).
([7]) Fair Insects B.V. 2018 agus 2019 (nár foilsíodh).
([8]) Fair Insects B.V. 2018 (nár foilsíodh).
([9]) Fair Insects B.V. 2018 (nár foilsíodh).
([10]) Fair Insects B.V. 2018 (nár foilsíodh).
([11]) Fair Insects B.V. 2018 agus 2019 (nár foilsíodh).

(6) An 7 Iúil 2021 ghlac an tÚdarás, i gcomhréir le hAirteagal 11 de Rialachán (AE) 2015/2283, tuairim eolaíoch maidir le '*Safety of frozen and dried formulations from whole crickets (Acheta domesticus) as a novel food pursuant to Regulation (EU) 2015/2283* ([12])' ['Sábháilteacht foirmlithe reoite agus triomaithe ó chriogair iomlána (*Acheta domesticus*) mar bhia núíosach de bhun Rialachán (AE) 2015/2283].

(7) Sa tuairim a thug an tÚdarás chinn sé go bhfuil foirmeacha reoite, triomaithe agus púdair de *Acheta domesticus* sábháilte de réir na gcineálacha úsáide agus na leibhéal úsáide atá beartaithe. Dá bhrí sin, is leor na forais sa tuairim ón Údarás chun a shuí go gcomhlíonann foirmeacha reoite, triomaithe agus púdair de *Acheta domesticus*, faoi na coinníollacha úsáide sonracha, na coinníollacha maidir lena gcur ar an margadh i gcomhréir le hAirteagal 12(1) de Rialachán (AE) 2015/2283.

(8) Ar bhonn na fianaise teoranta foilsithe maidir le hailléirgí bia a bhaineann le feithidí go ginearálta, fianaise a léirigh nasc éideimhin idir tomhailt *Acheta domesticus* agus roinnt teagmhais anaifiolacsais, sin agus ar bhonn fianaise a léiríonn go bhfuil roinnt próitéiní in *Acheta domesticus* a d'fhéadfadh a bheith ailléirgineach, chinn an tÚdarás ina thuairim uaidh go bhféadfadh tomhailt an bhia núíosaigh sin íogrú i leith próitéiní *Acheta domesticus* a spreagadh Mhol an tÚdarás go ndéanfaí tuilleadh taighde maidir le hailléirgineacht *Acheta domesticus*.

(9) Chun aghaidh a thabhairt ar mholadh an Údaráis, tá an Coimisiún ag déanamh scrúdú faoi láthair ar bhealaí chun an taighde riachtanach a dhéanamh maidir le hailléirgineacht *Acheta domesticus*. Go dtí go ndéanfaidh an tÚdarás measúnú ar na sonraí arna nginiúint leis an taighde sin, agus ós rud é, go dtí seo, gur neamhchonclúideach í an fhianaise a nascann tomhailt *Acheta domesticus* go díreach le cásanna d'íogrú príomha agus d'ailléirgí, measann an Coimisiún nár cheart ceanglas lipéadaithe sonrach maidir leis an acmhainn atá in *Acheta domesticus* an t-íogrú príomha a spreagadh, nár cheart ceanglas den sórt sin a áireamh i liosta an Aontais de bhianna núíosacha údaraithe.

(10) Mheas an tÚdarás freisin sa tuairim uaidh go bhféadfadh tomhailt *Acheta domesticus*. i bhfoirmeacha reoite, triomaithe agus púdair a bheith ina chúis le frithghníomhuithe ailléirgeacha i gcás daoine a bhfuil ailléirge orthu le crústaigh, le moilisc agus le fíneoga. Thairis sin, thug an tÚdarás dá aire go bhféadfadh ailléirginí breise a bheith ann sa bhia núíosach sa chás go mbeadh na hailléirginí céanna sa tsubstráit lena mbeathaítear na feithidí. Dá bhrí sin, maidir le foirmeacha reoite, triomaithe agus púdair de *Acheta domesticus* a chuirtear ar fáil don tomhaltóir iontu féin agus bianna a bhfuil *Acheta domesticus* iontu, is iomchuí na táirgí sin a lipéadú go hiomchuí de réir cheanglais Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2015/2283.

(11) Thug an tÚdarás dá aire ina thuairim eolaíoch gur ar thuairisc mhionsonraithe ar an bpróiseas táirgthe a bhunaigh sé a chonclúid maidir le sábháilteacht an bhia núíosaigh; torthaí ó anailísí neas-chomhábhair; sonraí anailíseacha maidir le héilleáin; na torthaí ó na staidéir chobhsaíochta; na sonraí anailíseacha maidir leis na paraiméadair mhicribhith-eolaíocha; faisnéis faoi dhíolacháin chuideachta an bhia núíosaigh; na torthaí ó thástáil intuaslagthachta an bhia núíosaigh maidir leis an staidéar géineatocsaineachta; na torthaí ó na staidéir ar dhíleáiteacht na bpróitéiní; agus an staidéar cíteatocsaineachta/an staidéar tocsaineachta ceallaí, agus thug an tÚdarás dá aire freisin nach bhféadfadh sé teacht ar an gconclúid sin gan na sonraí ó na tuarascálacha ar na staidéir atá i gcomhad an iarratasóra, tuarascálacha nár foilsíodh.

(12) D'iarr an Coimisiún ar an iarratasóir soiléiriú breise a thabhairt maidir leis an réasúnú a cuireadh ar fáil i dtaca lena éileamh dílseánaigh ar na sonraí sin, agus soiléiriú a thabhairt maidir lena éileamh ar cheart eisiach a bheith aige orthu i gcomhréir le hAirteagal 26(2)(b) de Rialachán (AE) 2015/2283.

(13) Dhearbhaigh an t-iarratasóir go raibh, tráth déanta an iarratais, ceart dílseánaigh eisiach aige tagairt a dhéanamh don tuairisc mhionsonraithe ar an bpróiseas táirgthe, do thorthaí ó anailísí neas-chomhábhair, do shonraí anailíseacha maidir le héilleáin, do thorthaí ó na staidéir chobhsaíochta, do shonraí anailíseacha maidir leis na paraiméadair mhicribhitheolaíocha, d'fhaisnéis faoi dhíolacháin chuideachta an bhia núíosaigh, do na torthaí ó thástáil intuaslagthachta an bhia núíosaigh maidir leis an staidéar géineatocsaineachta, do na torthaí ó na staidéir ar dhíleáiteacht na bpróitéiní agus don staidéar cíteatocsaineachta/an staidéar tocsaineachta ceallaí, agus dá bhrí sin nach féidir le tríú páirtithe rochtain dhlíthiúil a fháil ar na staidéir sin, iad a úsáid ná tagairt a dhéanamh dóibh.

([12]) *Safety of frozen and dried formulations from whole crickets (Acheta domesticus) as a novel food pursuant to Regulation (EU) 2015/2283* [Sábháilteacht foirmlithe reoite agus triomaithe ó chriogair iomlána (*Acheta domesticus*) mar bhia núíosach de bhun Rialachán (AE) 2015/2283]; EFSA Journal [*Iris EFSA*], 2021:19(8):6779.

(14) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bhfaisnéis uile a chuir an t-iarratasóir ar fáil agus mheas sé go raibh cruthúnas leordhóthanach tugtha aige maidir le comhlíonadh na gceanglas a leagtar síos in Airteagal 26(2) de Rialachán (AE) 2015/2283. Dá bhrí sin, na sonraí ón bpróiseas táirgthe, torthaí ó anailísí neas-chomhábhair, sonraí anailíseacha maidir le héilleáin, na torthaí ó na staidéir chobhsaíochta, na sonraí anailíseacha maidir leis na paraiméadair mhicribhitheolaíocha, faisnéis faoi dhíolacháin chuideachta an bhia núíosaigh, na torthaí ó thástáil intuaslagthachta an bhia núíosaigh maidir leis an staidéar géineatocsaineachta, na torthaí ó na staidéir ar dhíleáiteacht na bpróitéiní, agus an staidéar cíteatocsaineachta/an staidéar tocsaineachta ceallaí atá i gcomhad an iarratasóra, arb orthu a bhunaigh an tÚdarás a chonclúid maidir le sábháilteacht an bhia núíosaigh, agus nárbh fhéidir leis measúnú a dhéanamh ar an mbia núíosach dá n-uireasa, níor cheart iad a úsáid chun tairbhe aon iarratasóra ina dhiaidh sin go ceann tréimhse 5 bliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Dá réir sin, níor cheart ach an t-iarratasóir a údarú chun foirmeacha reoite, triomaithe agus púdair de *Acheta domesticus* a chur ar an margadh laistigh den Aontas le linn na tréimhse sin.

(15) Mar sin féin, srianadh an údaraithe i leith foirmeacha reoite, triomaithe agus púdair de *Acheta domesticus*, sin agus srianadh an chirt tagairt do na sonraí atá i gcomhad an iarratasóra ionas gur ag an iarratasóir amháin atá ag an ceart sin, ní rud é lena gcuirtear cosc ar iarratasóirí eile cur isteach ar údarú chun an bia núíosach céanna a chur ar an margadh, ar choinníoll go mbeidh a n-iarratas bunaithe ar fhaisnéis a fuarthas go dlíthiúil agus atá ina taca leis an údarú sin.

(16) Dá bhrí sin, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 a leasú dá réir sin.

(17) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Foirmeacha reoite, triomaithe agus púdair de *Acheta domesticus*, mar a shonraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, déanfar iad a áireamh i liosta an Aontais de bhianna núíosacha údaraithe a bunaíodh le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470.

2. Go ceann tréimhse 5 bliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, is é an t-iarratasóir tosaigh amháin:

cuideachta: Fair Insects B.V.;

seoladh: Industriestraat 3 5107 NC, Dongen, an Ísiltír,

a bheidh údaraithe chun an bia núíosach dá dtagraítear i mír 1 a chur ar an margadh laistigh den Aontas, ach amháin má fhaigheann iarratasóir ina dhiaidh sin údarú i dtaobh an bhia núíosaigh lena mbaineann gan tagairt do na sonraí atá faoi chosaint de bhun Airteagal 2 den Rialachán seo nó le comhaontú ó Fair Insects B.V.

3. An iontráil i liosta an Aontais dá dtagraítear i mír 1, áireofar inti na coinníollacha úsáide agus na ceanglais lipéadaithe a leagtar síos san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Na staidéir atá sa chomhad iarratais, sonraí ar ar a mbonn a ndearna an tÚdarás an bia núíosach dtagraítear in Airteagal 1 a mheas, agus ar mhaígh an t-iarratasóir gur sonraí dílseánaigh iad agus nach bhféadfaí an bia núíosach a údarú gan iad, ní úsáidfear na sonraí sin chun tairbhe iarratasóra ina dhiaidh sin ar feadh tréimhse 5 bliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo gan comhaontú ó Fair Insects B.V.

*Airteagal 3*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 10 Feabhra 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 mar a leanas:

(1) I dTábla 1 (Bianna núíosacha údaraithe), cuirtear an iontráil seo a leanas isteach:

| Bia núíosach údaraithe | Coinníollacha faoina bhféadfar an bia núíosach a úsáid | | | Ceanglais shonracha bhreise maidir le lipéadú | Ceanglais eile | Cosaint sonraí |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | *Catagóir shonraithe bhia* | *Uasleibhéil* (g/100g) (margaithe faoi mar atá nó é athbhunaithe i gcomhréir leis na treoracha) | | | | |
| | | Reoite | Triomaithe nó púdar | | | |
| **"Foirmeacha reoite, triomaithe agus púdair de *Acheta domesticus* (criogar)** | Foirmeacha reoite, triomaithe agus púdair de *Acheta domesticus* | | | 1. Is é '*Acheta domesticus* (criogar) reoite', '*Acheta domesticus* (criogar) triomaithe/púdraithe' ainmniú an bhia núíosaigh a bheidh ar lipéadú earraí bia a bhfuil sé iontu, ag brath ar an bhfoirm a úsáidtear.<br><br>2. Ar lipéadú na mbia-earraí ina bhfuil foirmeacha reoite triomaithe nó púdair de *Acheta domesticus* (criogar), beidh ráiteas á rá go bhféadfadh an comhábhar sin a bheith ina chúis le frithghníomhuithe ailléirgeacha i gcás tomhaltóirí a bhfuil ailléirgí aitheanta orthu le crústaigh, le moilisc agus le táirgí díobh, agus le fíneoga.<br><br>Beidh an ráiteas sin díreach taobh le liosta na gcomhábhar. | | Údaraithe an 3 Márta 2022. Is ar fhianaise eolaíoch dhílseánaigh agus sonraí eolaíocha atá faoi chosaint i gcomhréir le hAirteagal 26 de Rialachán (AE) 2015/2283 atá an t-áireamh sin bunaithe.<br><br>Iarratasóir: Fair Insects BV, Industriestraat 3 5107 NC Dongen, an Ísiltír.<br><br>Is é Fair Insects BV amháin atá údaraithe chun an bia núíosach a chur ar an margadh laistigh den Aontas le linn na tréimhse cosanta sonraí, ach amháin má fhaigheann iarratasóir ina dhiaidh sin údarú i dtaobh an bhia núíosaigh gan tagairt don fhianaise eolaíoch dhílseánaigh nó do na sonraí eolaíocha atá faoi chosaint i gcomhréir le hAirteagal 26 de Rialachán (AE) 2015/2283 nó le comhaontú ó Fair Insects BV.<br><br>Dáta deiridh na cosanta sonraí: 3 Márta 2027" |
| | Táirgí próitéine seachas analóga feola | 40 | 20 | | | |
| | Arán agus rollaí | 30 | 10 | | | |
| | Earraí bácála, barraí gránaigh, táirgí pasta-bhunaithe stuáilte | 30 | 15 | | | |
| | Brioscaí | 30 | 8 | | | |
| | Táirgí pasta-bhunaithe (iad triomaithe) | 3 | 1 | | | |
| | Anraithí agus dlútháin nó púdair anraith | 20 | 5 | | | |
| | Táirgí prátaí próiseáilte; miasa léagúm-bhunaithe agus glasraí-bhunaithe agus táirgí pasta-bhunaithe nó píotsa-bhunaithe | 15 | 5 | | | |
| | Sneaiceanna gránphlúr-bhunaithe | 40 | 20 | | | |
| | Deochanna de chineál beorach, deochanna alcólacha measctha | 1 | 1 | | | |
| | Cnónna, síolta ola agus sicphiseánaigh | 40 | 25 | | | |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Anlainn | 30 | 10 | | | |
| | Ullmhóidí feola | 40 | 16 | | | |
| | Analóga feola | 80 | 50 | | | |
| | Milseogra seacláide | 30 | 10 | | | |
| | Táirgí reoite coipthe atá bunaithe ar bhainne | 15 | 5 | | | |

(2) i dTábla 2 (Sonraíochtaí), cuirtear an iontráil seo a leanas isteach:

| Bia Núíosach Údaraithe | Sonraíocht | |
|---|---|---|
| "**Foirmeacha reoite, triomaithe agus púdair de *Acheta domesticus* (criogar)** | **Tuairisc/Sainmhíniú:**<br>Is é atá sa bhia núíosach na foirmeacha iomlána, reoite, triomaithe agus púdair den chriogar. Tagraíonn an téarma 'criogar' don chriogar fásta de *Acheta domesticus*, ar speiceas feithidí é a bhaineann leis an bhfine Gryllidae.<br>Tá sé beartaithe an bia núíosach a mhargú i dtrí fhoirm éagsúla, eadhon: (i) *A. domesticus* (LM reoite), atá próiseáilte go teirmeach agus reoite ina iomláine; (ii) *A. domesticus* (LM triomaithe) atá próiseáilte go teirmeach agus reothriomaithe ina iomláine, agus (iii) *A. domesticus* iomlán (púdar LM iomlán) atá próiseáilte go teirmeach reothriomaithe agus meilte ina iomláine.<br>Tá gá le tréimhse troscaidh 24 uair an chloig ar a laghad sula reoifear na feithidí chun iad a mharú, chun ligean do na lócaistí fásta an méid atá ina bputóg a fholmhú. | |
| | **Saintréithe/Comhdhéanamh (LM reoite):**<br>Luaith (% w/w): 0,6 – 1,2<br>Taise (% w/w): 76-82<br>Garbhphróitéin (N x 6,25) (% w/w): 12-21<br>Carbaihiodráití Indíleáite (% w/w): 0,1–2<br>Saill (% w/w): 3-12<br>ar sháithigh an méid seo a leanas di (% w/w): 36-45<br>Innéacs sárocsaíde (Meq $O_2$/kg saill) ≤ 5<br>Snáithín cothaitheach (% w/w): 0,8–3<br>*Citin (% w/w): 0,7-3,0<br>**Miotail throma:**<br>Luaidhe: ≤ 0,05 mg/kg<br>Caidmiam: ≤ 0,06 mg/kg<br>**Míceatocsainí:**<br>Aflatocsainí (Suim de B1, B2, G1, G2): ≤ 4 µg/kg | **Saintréithe/Comhdhéanamh (triomaithe nó púdraithe):**<br>Luaith (% w/w): 2,9 – 5,1<br>Taise (% w/w): ≤ 5<br>Garbhphróitéin (N x 6,25) (% w/w): 55-65<br>Carbaihiodráití Indíleáite (% w/w): 1–4<br>Saill (% w/w): 29–35<br>ar sháithigh an méid seo a leanas di (% w/w): 36-45<br>Innéacs sárocsaíde (Meq $O_2$/kg saill) ≤ 5<br>Snáithín cothaitheach (% w/w): 3–6<br>*Citin (% w/w): 5,3-10,0<br>**Miotail throma:**<br>Luaidhe: ≤ 0,05 mg/kg<br>Caidmiam: ≤ 0,06 mg/kg<br>**Míceatocsainí:**<br>Aflatocsainí (Suim de B1, B2, G1, G2): ≤ 4 µg/kg |

| | | |
|---|---|---|
| | Aflatocsain B1 (µg/kg): ≤ 2 | Aflatocsain B1 (µg/kg): ≤ 2 |
| | Dé-ocsainiviléanól: ≤ 200 µg/kg | Dé-ocsainiviléanól: ≤ 200 µg/kg |
| | Ócratocsain A: ≤ 1 µg/kg | Ócratocsain A: ≤ 1 µg/kg |
| | **Dé-ocsainí agus PCBanna de chineál dé-ocsaine** | **Dé-ocsainí agus PCBanna de chineál dé-ocsaine** |
| | Suim dé-ocsainí agus PCBanna de chineál dé-ocsaine UB ( **$WHO_{2005}$ PCDD/F-PCB-TEQ): ≤ 1,25 pg/g saill | Suim dé-ocsainí agus PCBanna de chineál dé-ocsaine UB ( **$WHO_{2005}$ PCDD/F-PCB-TEQ): ≤ 1,25 pg/g saill |
| | **Critéir mhicribhitheolaíoch:** | **Critéir mhicribhitheolaíoch:** |
| | Áireamh coilíneachtaí aeróbacha iomlán: ≤ $10^5$ ***CFU/g | Áireamh coilíneachtaí aeróbacha iomlán: ≤ $10^5$ CFU/g |
| | Giostaí agus múscáin: ≤ 100 CFU/g | Giostaí agus múscáin: ≤ 100 CFU/g |
| | *Escherichia coli*: ≤ 50 CFU/g | *Escherichia coli*: ≤ 50 CFU/g |
| | *Salmonella* spp.: Gan bheith ann i 25 g | *Salmonella* spp.: Gan bheith ann i 25 g |
| | *Listeria monocytogenes*: Gan bheith ann i 25 g | *Listeria monocytogenes*: Gan bheith ann i 25 g |
| | Anaeróib a laghdaíonn an tsuilfít: ≤ 30 CFU/g | Anaeróib a laghdaíonn an tsuilfít: ≤ 30 CFU/g |
| | *Bacillus cereus* (toimhde): ≤ 100 CFU/g | *Bacillus cereus* (toimhde): ≤ 100 CFU/g |
| | Enterobacteriaceae (toimhde): < 100 CFU/g | Enterobacteriaceae (toimhde): < 100 CFU/g |
| | Stafalacocais téachtáis-deimhneacha: ≤ 100 CFU/g | Stafalacocais téachtáis-deimhneacha: ≤ 100 CFU/g |

* Ní fhéadfar citin a áireamh i snáithín cothaitheach de bharr modhanna anailíseacha éagsúla.

** Suim cuimse uachtair de dhébheinsi-dé-ocsain pholaclóirínithe (PCDDanna)-débheinseafúrán polaclóirínithe (PCDFanna) agus défheinilí polaclóirínithe de chineál dé-ocsaine (PCBanna) arna sloinneadh mar choibhéis thocsaineach de chuid na hEagraíochta Domhanda Sláinte (agus úsáid á baint as WHO-TEFanna ó 2005)).

*** CFU: Aonaid Déanta Coilíneachta."